2008

# Bíodh do Chearta Leasa Shóisialaigh ar Eolas Agat

*Pacáiste Eolais Praiticiúil*

Pacáiste Eolais praiticiúil atá i **Bíodh do Chearta Leasa Shóisialaigh ar Eolas Agat** a bhfuil sé mar aidhm aige cúnamh a thabhairt do réimse daoine aonair agus do ghrúpaí a bhíonn ag déileáil leis na riachtanais leasa shóisialaigh atá acu siúd ar dífhostaíodh iad le gairid nó atá ar tí a bheith dífhostaithe. Tá an Pacáiste seo ábhartha go háirithe do:

- Maoir Cheardchumainn / Oifigigh Ceardcumainn
- Soláthróirí Eolais in eagraíochtaí atá cleamhnaithe leis an INOU agus in Ionaid Acmhainne eile

## Is é atá sa Phacáiste seo:

- Treoir mhionsonraithe ina bhfuil eolas ar Shochar Cuardaitheora Poist agus ar Liúntas Cuardaitheora Poist, atá Dáiríre ag Lorg Fostaíochta, Rátaí Íocaíochta, Creidmheasanna agus Tairbhí Tánaisteacha.
- Cárta teagmhála INOU a bhfuil na Rátaí Iocaíochta do Liúntas Cuardaitheora Poist agus do Shochar Cuardaitheora Poist air
- Bileog, Bíodh do Chearta Leasa Shóisialaigh ar Eolas Agat, atá dírithe orthu siúd atá díreach dífhostaithe nó atá ar tí a bheith dífhostaithe. Déan teagmháil leis an INOU le do thoil má tá uait tuilleadh de na bileoga seo a fháil.

Tá sé tábhachtach dúinn aiseolas a fháil maidir lenár bhfoilseacháin agus ár seirbhísí. Má tá aon bharúil nó moladh agat, beimid buíoch díot má dhéanann tú teagmháil linn.

Tabhair faoi deara le do thoil go dtugann ábhar an phacáiste seo forbhreathnú ginearálta. Déan teagmháil leis an INOU le do thoil chun eolas níos mionsonraithe a fháil.

# CLÁR NA NÁBHAR


## 1: Ag Éirí Dífhostaithe

- Réamhrá
- Iomarcaíocht

## 2: Dáiríre ag Lorg Fostaíochta

- Réamhrá
- Na Critéir a bhaineann le bheith Dáiríre ag Lorg Fostaíochta a Shásamh
- Seirbhísí agus Tacaí do dhaoine dífhostaithe atá ag lorg oibre

## 3: Treoir do Shochar Cuardaitheora Poist (SCP) agus do Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP)

- Sochar Cuardaitheora Poist
- Liúntas Cuardaitheora Poist
- An Riail maidir le Gnáthchónaí

## 4: Rátaí Íocaíochta

## 5: ÁSPC – Creidmheasanna agus Ranníocaíochtaí Íoctha

## 6: Tairbhí Tánaisteacha

## Réamhrá

Le linn na ndeich mbliana seo caite, bhí fás eacnamaíoch agus cruthú post ann nach bhfacthas a leithéid ariamh cheana. Mar sin féin, tharla moilliú suntasach in earnálacha áirithe den gheilleagar in 2007 agus sa bhliain sin freisin, bhí an líon duine is airde ó 1999 ag síniú ar an mBeo-Chlár. Tá imní ann gur bliain a bheidh in 2008 ina gcaillfimid níos mó post ná mar a chruthfaimid den chéad uair le fada an lá. Féidearthacht realaíoch atá ann do go leor daoine go gcaillfidh siad a bpost agus leanfar leis an staid seo. I rith 2007, mar shampla, bhí níos mó ná 25,000 iomarcaíocht ann agus bhí beagnach 150,000 ann le sé bliana anuas. Bíodh is go bhfuil roinnt daoine ann a bhfuil a bpost caillte acu a bheidh in ann post nua a aimsiú go sciobtha, tá daoine eile ann nach bhfuil.

Tá Oifigigh Ceardchumainn, Soláthróirí Eolais agus daoine eile ar an eolas faoin iliomad deacrachtaí a bhíonn ag daoine a bhfuil a bpost caillte acu. Tá dúnadh monarchana nó iomarcaíocht in ann geit an-mhór a bhaint as duine nuair a chailleann sé nó sí a bpost.

Anuas air sin, is beag taithí nó níl aon taithí ar chor ar bith ag go leor dóibh siúd a chailleann a bpost ar an gcóras leasa shóisialaigh. Ar ndóigh, d'fhéadfadh roinnt acu a bheith den tuairim mhícheart, mar gur íoc siad ranníocaíochtaí Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta (ÁSPC) nuair a bhí siad ag obair, go mbeidh siad i dteideal íocaíocht uathoibríoch Cuardaitheora Poist a fháil atá bunaithe ar an tuilleamh a bhí acu roimhe seo. Ní bheidh go leor daoine eile ar an eolas faoin reachtaíocht i dtaobh a bheith Dáiríre ag Lorg Fostaíochta agus d'fhéadfadh siad a bheith ar bheagán eolais nó gan eolas faoi thairbhí tánaisteacha, na rátaí íocaíochta agus d'fhéadfadh siad a bheith ar bheagán eolais faoi na tacaí atá ar fáil chun obair a lorg, nó faoi roghanna traenála nó oiliúna.

## Iomarcaíocht

### *Céard é Iomarcaíocht*

Tarlaíonn staid iomarcaíochta go ginearálta sa chás nach bhfuil post an fostaithe ann a thuilleadh, de bharr réimse cúiseanna, agus ní fhostaítear éinne eile ina n-áit. Tá dualgas ar fhostóirí, de réir an dlí, cúiteamh a íoc le fostaithe a dhífhostaítear de bharr iomarcaíochta.

### *Teidlíochtaí d'Íocaíochtaí Iomarcaíochta Reachtúla*

- A bheith os cionn 16 bliain
- A bheith fostaithe agus ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC, go hiondúil ranníocaíochaí den Aicme A
- A bheith ag obair go leanúnach don fhostóir ar feadh 2 bhliain ar a laghad (104 seachtain)
- A bheith ag obair go leanúnach don fhostóir ar feadh níos mó ná 2 bhliain más obair pháirtaimseartha atá i gceist

### *Tréimhsí Fógra Scríofa*

Tá dualgas ar fhostóir fógra scríofa iomarcaíochta a eisiúint don fhostaí (Foirm RP50) agus cóip den fhoirm a sheoladh go dtí an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Go ginearálta, beidh an íos-tréimhse fógra ag brath ar fhad seirbhíse duine nó an tréimhse fógra atá i gconradh fostaíochta an duine. Dea-chleachtas fostaíochta is ea é d'fhostóir gach oibrí a chur ar an eolas maidir le suíomh iomarcaíochta, beag beann ar a bhfad seirbhíse. Liostálann an tábla seo a leanas an íos-tréimhse fógra a bhfuil an duine i dteideal é a fháil.

| Fad fostaíochta | Íos-Tréimhse Fógra |
|---|---|
| Níos lú ná 13 seachtaine | Nialas |
| 13 seachtaine – 2 bhliain | 1 seachtain |
| 2 bhliain – 5 bliana | 2 sheachtain |
| 5 bliana – 10 mbliana | 4 seachtaine |
| 10 mbliana – 15 bliana | 6 seachtaine |
| Níos mó ná 15 bliana | 8 seachtaine |

Tá an fostaí i dteideal am saor réasúnach a iarradh le linn na tréimhse fógra chun obair eile a lorg.

### *Íocaíochtaí Iomarcaíochta*

Tá méid na híocaíochta Iomarcaíochta bunaithe ar fhad seirbhíse leanúnaí an fhostaithe agus ar thuilleamh seachtainiúil. Áirítear le tuilleamh seachtainiúil an t-olltuarastal seachtainiúil, ragobair rialta agus sochair chomhchineáil. Faoi láthair, is é an t-uasmhéid seachtainiúil atá ann chun leibhéal íocaíochta iomarcaíochta reachtúla a shocrú ná €600. Mar sin féin, is minic a éiríonn le Ceardchumainn socraíochtaí a idirbheartú atá os cionn an ráta caighdeánaigh um iomarcaíocht reachtúil. Tá an íocaíocht iomarcaíochta reachtúla, nó an chuid d'íocaíocht iomarcaíochta feabhsaithe atá ina iomarcaíocht reachtúil, saor ó cháin. Beidh aon chuid eile d'íocaíocht iomarcaíochta feabhsaithe dlite do cháin.

### *Íocaíochtaí Iomarcaíochta a Ríomh*

Má tá fostí i dteideal íocaíocht Iomarcaíochta, tá siad i dteideal:

- Íocaíocht dhá sheachtain do gach bliain a bhfuil siad fostaithe (faoi réir ag an teorainn €600 in aghaidh na seachtaine d'íocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla) agus
- Pá seachtaine mar bhónas

### *Sa chás go bhfuil díospóid ann maidir leis an Iomarcaíocht*

Má tharlaíonn díospóid i ndáil le staid iomarcaíochta, d'fhéadfaí é seo a chur faoi bhráid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar a láithreán gréasáin – www.eatribunal.ie

***Sampla – Íocaíochtaí Iomarcaíochta a Ríomh*** Tá 5 bliana iomlán déanta ag duine d'fhostóir. Ríomhfar a n-íocaíocht iomarcaíochta reachtúil mar seo a leanas:-

| | | |
|---|---|---|
| Pá dhá seachtain x 5 | 10 | seachtaine |
| Pá seachtain amháin mar bhónas | + 1 | seachtain |
| Teidlíocht Iomlán Reachtúil | 11 | seachtain |

## Tuilleadh Eolais

- Chun eolas a fháil faoin gcaoi íocaíochtaí iomarcaíochta a ríomh, tá áireamhán iomarcaíochta reachtúla ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Fiontair, Trádála agus Fostaíochta ag www.entemp.ie
- Tá an fhoirm RP50 ar fáil le haghaidh a h-íoslódála ó láithreán gréasáin na Roinne.
- Tá tuilleadh eolais ar fáil ar láithreán gréasáin an Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta ag www.employmentrights.ie

## Ag Maireachtáil ar ioncam laghdaithe

Nuair a chailleann duine a phost, tá sé in ann a bheith ina údar d'áthrú mór tobann i gcúinsí airgid an duine, go háirithe sa chás go bhfuil leanaí agus /nó daoine cleithiúnacha eile ann.

Tá roinnt oifigí ag an **tSeirbhís Comhairle Airgid agus Buiséadaithe (MABS)** ar fud na tíre. Tugann siad seo comhairle agus cúnamh praiticiúil cosúil le bainistíocht airgid agus a bheith ag déanamh idirbheartaíochta le creidiúnaithe.

Tá an Comhairleoir MABS in ann cúnamh a thabhairt don duine dífhostaithe chun comhaontuithe aisíocaíochta a shocrú.

### Tuilleadh Eolais

- Tá liosta iomlán d'oifigí áitiúla MABS ar fáil ag www.mabs.ie

# 2. Dáiríre ag Lorg Fostaíochta agus Seirbhísí do Dhaoine Dífhostaithe atá ag Cuartú Fostaíochta

## Réamhrá

Chun go mbeidh duine cáilithe do Shochar Cuardaitheora Poist (SCP) nó do Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP) agus chun go leanfaidh sé á fháil, deir rialacha na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh nár mhór do dhuine a bheith dáiríre ag lorg fostaíochta. Tugann an mhír seo den Treoir Acmhainne achoimre ar na critéir atá ann sa reachtaíocht maidir le bheith dáiríre ag lorg fostaíochta nár mhór do dhuine comhlíonadh chun go mbeidh sé cáilithe d'íocaíocht JB nó do JA agus chun go leanfaidh sé á fháil. Cuireann sé síos freisin ar roinnt céimeanna ar féidir le duine dífhostaithe a thógáil chun a chinntiú go gcoinneoidh siad a n-íocaíocht.

Ó am go chéile, tabharfar cuireadh do dhaoine dífhostaithe teacht ag agallamh ag a n-oifig Leasa Shóisialaigh áitiúil i ndáil leis na hiarrachtaí atá déanta acu post a fháil. Má chreideann an tOifigeach Leasa Shóisialaigh go bhfuil údar ann tabhairt le fios nach bhfuil duine dífhostaithe dáiríre ag lorg fostaíochta, d'fhéadfaí a chás a chur ar aghaidh ag Oifigeach Breithiúnachta agus d'fhéadfadh sé nó sí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcás.

## Na Critéir a bhaineann le bheth Dáiríre ag Lorg Fostaíochta a Shásamh

Is é an chiall atá ag an reachtaíocht maidir le bheith Dáiríre ag Lorg Fostaíochta ná gur cheart don duine dífhostaithe a bheith ar fáil chun glacadh le hobair atá feiliúnach go réasúnach dóibh ar bhonn lánaimseartha chun go mbeidh siad cáilithe d'íocaíocht dífhostaíochta.

▸▸ Is féidir le duine glacadh le suas le trí lá fostaíochta ar bhonn páirtaimseartha fad is atá siad ag lorg obair lánaimseartha agus d'fhéadfadh siad a bheith cáilithe d'íocaíocht an Chuardaitheora Poist ar na laethanta eile den tseachtain a bhfuil siad dífhostaithe.

Deir treoirlínte na Roinne gur cheart go mbeadh duine ar fáil láithreach chun glacadh le tairiscint phoist lánaimseartha, ainneoin go n-aithníonn siad go bhféadfadh cúpla lá a bheith ag teastáil ó dhuine chun na socruithe riachtanacha a dhéanamh (m.sh. cúram leanaí) sula mbeidh siad in ann glacadh le tairiscint phoist.

### *Na Céimeanna a Bhaineann le bheith ag Lorg Oibre*

Chun go mbeidh duine i dteideal SCP nó LCP a fháil ar bhonn leanúnach, ba cheart go mbeadh duine dífhostaithe in ann taispeáint go bhfuil céimeanna réasúnacha tógtha acu agus iad ag lorg oibre. I measc na gcéimeanna seo, áirítear:

- Iarratais oibre d'fhostóirí, idir scríofa agus ó bhéal
- CV reatha a bheith ag an duine
- Ag cuartú eolais ar fhostaíocht ó fhógraí fostóirí agus ó ghníomhaireachtaí fostaíochta
- Clárú le FÁS, LES agus/nó Cumann Fostaíochta
- Ag gníomhú de réir na comhairle atá tugtha ag Áisitheoirí (Áisitheoirí Poist mar a bhíodh), FÁS nó gníomhaireachtaí socraíochta eile cosúil leis an tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil (LES)
- Ag baint úsáide as deiseanna feiliúnacha traenála agus oiliúna
- Céimeanna dearfacha a thógáil i dtreo féin-fhostaíochta

Mura n-éireoidh leis an duine obair a aimsiú sa réimse atá roghnaithe acu, iarrfar orthu a gcuardach poist a leathnú nó taispeáint go bhfuil seans réasúnach ann go bhfaighidh siad obair sa réimse atá roghnaithe acu sa todhchaí.

- Má dhéanann an tOifigeach Leasa Shóisialaigh/an tOifigeach Breithiúnachta breithniú go bhfuil duine dífhostaithe ag cur sriantachtaí neamhréasúnacha ar a n-iarrachtaí post a fháil, d'fhéadfadh siad deireadh a chur leis an íocaíocht dífhostaíochta. Ba cheart don duine dífhostaithe dul i mbun athbhreithnithe maidir leis an gcinneadh seo bunaithe ar eolas breise agus/nó achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh.

### *Taifead a Choinneáil maidir le Gach Iarracht atá déanta Post a Fháils*

Ba cheart do dhuine taifead a choinneáil maidir le gach iarracht atá déanta acu post a fháil. Ba cheart go mbeadh siad seo a leanas san áireamh sa taifead seo:

- Cóipeanna de gach fógra poist ar cuireadh isteach air. Murar féidir an fógra a ghearradh amach, ba cheart sonraí an phoist a scríobh síos. Ar an gcaoi chéanna, ba cheart cóipeanna de gach iarratas ríomhphoist agus aon chomhfhreagras ina dhiaidh sin a choinneáil
- Gach freagra ó fhostóirí, lena n-áirítear ríomhphoist
- Liosta de gach glaoch teileafóin a rinneadh maidir le poist. Bheadh sé úsáideach freisin liosta a dhéanamh d'ainm(neacha) na ndaoine ar labhraíodh leo
- Teastais phostais ó Oifig an Phoist. Tá siad seo soar in aisce agus feidhmíonn siad mar fhianaise d'iarrachtaí poist a fháil
- Clárú le FÁS agus aon chuairt ag Oifig FÁS ina dhiaidh sin
- Má chláraíonn duine dífhostaithe le seirbhís socraíochta poist nó le gníomhaireacht fostaíochta, ba cheart dóibh an t-eolas sin a chur san áireamh ina dtaifid agus cóipeanna de chomhfhreagras ríomhphoist a choinneáil.

## Achomhairc

Mura bhfuil an Roinn sásta go bhfuil duine dífhostaithe ag déanamh fíor-iarrachtaí fostaíocht a fháil, is féidir leo deireadh a chur lena n-íocaíocht. Má cheapann an duine go bhfuil sé seo míchothrom, ba cheart dóibh agallamh eile a iarradh chun a gcás a dhéanamh. Má tá an duine míshásta le cinneadh maidir lena dteidlíocht d'íocaíocht nó le hiarratas ar íocaíocht, ba cheart dóibh achomharc a dhéanamh i gcónaí. Chun achomharc a dhéanamh, ní mór don duine an Fhoirm Achomhairc ábhartha a chomhlánú. Ba cheart an Fhoirm Achomhairc comhlánaithe a sheoladh ag an bPríomhoifigeach Achomhairc, Achomhairc Leasa Shóisialaigh, Teach D'Olier, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

### Ionadaíocht a bheith ag Duine ag an Achomharc

- Is é an taithí atá ann gur mó seans atá ag duine dífhostaithe a bheith rathúil ina n-achomharc má tá cúnamh acu ó Oifigeach Ceardchumainn nó ó Oifigeach Eolais, idir an t-achomharc a dhéanamh agus a bheith i láthair ag an achomharc féin.

Má tá deireadh curtha le híocaíocht SCP nó LCP agus má tá achomharc déanta ag an duine dífhostaithe ina leith, d'fhéadfadh siad a bheith cáilithe d'íocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach (LLF) ón Oifigeach Leasa Pobail.

### Tuilleadh Eolais

- Tá treoir mhionsonraithe maidir le feidhmiú na reachtaíochta i ndáil le bheith Dáiríre ag Lorg Fostaíochta agus a bheith ar Fáil d'Obair ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh www.welfare.ie

- Déan teagmháil leis an INOU má tá aon fhiosrú agat maidir le bheith Dáiríre ag Lorg Fostaíochta nó achomhairc leasa shóisialaigh. Teileafón: 01 856 0088, ríomhphost: welfareinfo@inou.ie

- Tá an Oifig Achomhairc Leasa Shóisialaigh lonnaithe ag Teach D'Olier, Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2. Teileafón: Íosghlao 1890 747434, Láithreán Gréasáin: www.socialwelfareappeals.ie

## Seirbhísí agus Tacaí do dhaoine dífhostaithe atá ag lorg oibre

***Seirbhísí ar fud na tíre***

- **Oifigí Leasa Shóisialaigh**

Tá éascaitheoirí lonnaithe in Oifigí Leasa Shóisialaigh ar fud na tíre chun cabhair a thabhairt do dhaoine fostaíocht a aimsiú.

Tá liosta iomlán de na hOifigí Leasa Shóisialaigh ar fáil ag láithreán gréasáin na Roinne ag www.welfare.ie

- **Oifigí FÁS**

Tá Oifigigh Seirbhísí Fostaíochta lonnaithe in Oifigí FÁS áitiúla agus is féidir leo duine ar bith atá os cionn 15 bliain d'aois agus nach bhfuil ag freastal ar scoil a chlárú le FÁS. Tugann siad comhairle freisin ar dheiseanna fostaíochta, cúrsaí oiliúna agus ar roghanna eile, a d'fhéadfadh fostaíocht a bheith mar thoradh orthu.

Tá liosta iomlán d'Oifigí FÁS ar fáil ag láithreán gréasáin FÁS ag www.fas.ie

***Seirbhísí atá sonrach do Limistéir***

- **Líonra d'Ionaid Áitiúla Comhdhála / Ionaid Acmhainne**

Soláthraíonn an Líonra d'Ionaid Áitiúla Comhdhála / Ionaid Acmhainne seirbhísí agus tacaí a chabhraíonn le daoine fostaíocht a aimsiú. Soláthraíonn go leor Ionad freisin raon seirbhísí, lena n-áirítear eolas / comhairle i ndáil le filleadh ar an obair, eolas faoi fholúntais do phoist áitiúla, cúnamh le hullmhú CV mar aon le Cumainn Phoist a reáchtáil.

Tá liosta iomlán d'Ionaid Áitiúla Chomhdhála ar fáil ag láithreán gréasáin an ICTU ag www.ictu.ie

- **Cumainn Phoist**

Soláthraíonn Cumainn Phoist cúrsaí sna scileanna atá ag teastáil chun post a lorg dóibh siúd atá 'réidh don phost' nó dóibh siúd ar dífhostaíodh iad le gairid.

Tá liosta iomlán de Chumainn Phoist FÁS ar fáil ag láithreán gréasáin FÁS.

- **Comhpháirtíochtaí atá Bunaithe ar Limistéar agus Comhpháirtíochtaí Pobail atá Maoinithe ag Pobal**

Is minic a sholáthraíonn comhpháirtíochtaí seirbhísí dóibh siúd atá dífhostaithe. D'fhéadfadh eolas, treoir agus cúrsaí oiliúna a bheith san áireamh leo seo. Tá ról ar leith ag comhpháirtíochtaí ó thaobh tacú le daoine dífhostaithe a bheith féin-fhostaithe.

Tá liosta iomlán de Chomhpháirtíochtaí atá Bunaithe ar Limistéar ar fáil ag láithreán gréasáin Pobal ag www.pobal.ie

Tá liosta iomlán de Chomhpháirtíochtaí Pobail ar fáil ag láithreán gréasáin Pobal freisin.

- **An tSeirbhís Fostaíochta Áitiúil (LES)**

Cabhraíonn na Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla leo siúd atá dífhostaithe ar feadh níos mó ná sé mhí chun fostaíocht a aimsiú. Soláthraíonn an LES seirbhísí Eadránaithe agus Treorach.

Tá liosta iomlán de Sheirbhísí Fostaíochta Áitiúla ar fáil ar láithreán gréasáin FÁS.

**Tuilleadh Eolais**

Má tá tuilleadh eolais uait faoi bheith ag Lorg Oibre, is féidir leat Treoir Acmhainne an INOU, 'Ag Lorg Oibre' a íosódáil ar láithreán gréasáin an INOU ag www.inou.ie

Tá Príomhoifig FÁS lonnaithe ag 27-33 Sráid Bhagóid Uachtar, Baile Átha Cliath 4. Teileafón (01) 607 0500

## Sochar Cuardaitheora Poist (SCP)

### *Ag Cáiliú do SCP*

Is é Sochar Cuardaitheora Poist ceann den dá phríomh-íocaíocht dífhostaíochta. Chun SCP a fháil, ní mór don duine a bheith:

- Ina c(h)ónaí i bPoblacht na hÉireann
- 16 bliain d'aois nó níos sine
- Faoi bhun 66 bliain d'aois
- Dífhostaithe ar feadh ar a laghad 3 lá as aon 6 lá as a chéile
- Ar Fáil d'Obair, Cumasach chun Oibre agus Dáiríre ag Lorg Obair lánaimseartha

  **agus**

- Ranníocaíochtaí dóthanacha ASPC íoctha nó curtha chun sochair a bheith aige nó aici

### *Teidlíocht do SCP agus Ranníocaíochtaí ASPC*

Tá teidlíocht do SCP bunaithe ar an líon ranníocaíochtaí ÁSPC ábhartha atá íoctha nó curtha chun sochair (ar tugadh stampaí orthu tráth den saol). Is féidir ranníocaíochtaí ÁSPC a íoc (nuair atá duine ag obair) nó a chur chun sochair (curtha san áireamh nuair atá duine ag síniú ar an mBeo-Chlár). Tá tuilleadh eolais faoi Ranníocaíochtaí ÁSPC ar fáil i Rannán 5.

Tá teidlíocht ag duine do SCP má chomhlíonann siad na critéir ar fad, i gceachtar den dá bhealach seo:

**1.**

- Caillteanas fostaíochta de lá amháin ar a laghad a bhfuil caillteanas ioncaim i gceist leis
- 52 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha ó thosaigh an duine ag obair
- 39 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha nó curtha chun sochair sa Bhliain Chánach Ábhartha (féach Bliain Chánach/ Ranníocaíochta ábhartha ar leathanach 12)

**NÓ**

**2.**

- Caillteanas fostaíochta de lá amháin ar a laghad a bhfuil caillteanas ioncaim i gceist leis
- 52 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha ó thosaigh an duine ag obair
- 26 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha sa Bhliain Chánach Ábhartha
- 26 seachtain de ranníocaíochtaí ÁSPC íoctha sa Bhliain Chánach roimh an mBliain Chánach Ábhartha

- D'fhéadfadh duine a bheith cáilithe arís do Shochar Cuardaitheora Poist má tá 13 ranníocaíocht íoctha aige nó aici ón uair a tháinig deireadh lena n-éileamh SPC roimhe sin (ar choinníoll go raibh a shochar ar fad úsáidte ag an duine dífhostaithe)
- Is féidir Sochar Cuardaitheora Poist a fháil ar feadh suas le 15 mí

### *Íocaíocht*

Beidh duine i dteideal ráta iomlán an SCP má bhí luach €150 ar a laghad ag a phá seachtainiúil sa bhliain chánach/ranníocaíochta ábhartha. Taispeánann Rannán 4, Rátaí Íocaíochta, na rátaí SCP do 2008.

- Tá cúinsí áirithe ann ina mbeadh sé níos fearr ó thaobh airgid de don duine íocaíocht LCP a roghnú in áit íocaíocht laghdaithe SCP. Chun tuilleadh eolais a fháil, déan teagmháil leis an INOU le do thoil.

### *Bliain Cánach/Ranníocaíochta Ábhartha*
Cinntítear an bhliain chánach/ranníocaíochta ábhartha bunaithe ar ranníocaíochtaí sa bhliain chánach atá dhá bhliain roimh an am a dhéanann duine éileamh ar íocaíocht dífhostaíochta, i.e. chun éileamh a dhéanamh ar SCP in 2008, is in 2006 an bhliain chánach/ranníocaíochta ábhartha. Cinntíonn an líon ranníocaíochtaí íoctha nó curtha chun sochair a rinneadh in 2006 an teidlíocht do SCP in 2008.

### *Moill ar íocaíocht SCP*
D'fhéadfadh moill idir 1 lá agus suas le 9 seachtaine a bheith ann Íocaíocht Sochar Cuardaitheora Poist a fháil má fhaigheann duine:

- Íocaíocht iomarcaíochta de €50,000 nó níos mó. Baineann sé seo le daoine atá níos óige ná 55 bliain d'aois.

▶▶ Má dhífhostaítear duine ar an ábhar thuas ach mura síníonn sé nó sí don SCP ar feadh an chéad 9 seachtaine, is féidir leo SCP a fháil don tréimhse iomlán 15 mí.

### *Caillteanas Teidlíochta d'Íocaíocht SCP*

D'fhéadfadh duine a chaillteanas d'íocaíocht SCP a chailleadh:

- Má dhiúltaíonn siad tairiscint fostaíochta nó oiliúna feiliúnaí atá curtha ar fáil ag FÁS, gan údar maith a bheith acu (infheidhmithe do LCP freisin)
- Má fhágann siad fostaíocht gan chúis mhaith a bheith acu

### *Obair Pháirtaimseartha agus SCP*
Tá duine atá ag fáil SCP i dteideal oibriú ar feadh suas le trí lá in aghaidh na seachtaine. Caillfidh siad a n-íocaíocht SCP do na laethanta a raibh siad ag obair. Ní mór don duine leanúint ar aghaidh ag cruthú go bhfuil siad ar fáil d'obair agus go bhfuil siad dáiríre ag lorg obair lánaimseartha do na laethanta a bhfuil siad dífhostaithe. Tá Daoine Fásta atá Cáilithe don SCP in ann suas le €100 a dhéanamh sula mbeidh tionchar aige ar a n-íocaíocht.

## Liúntas Cuardaitheora Poist (LCP)

### *Ag Cáiliú do LCP*
Is é Liúntas Cuardaitheora Poist an phríomhíocaíocht dífhostaíochta eile. Chun LCP a fháil, ní mó do dhuine a bheith:

- Ina c(h)ónaí i bPoblacht na hÉireann
- 18 bliain d'aois nó níos sine
- Faoi bhun 66 bliain d'aois
- Dífhostaithe ar feadh ar a laghad 3 lá as aon 6 lá as a chéile
- Ar Fáil d'Obair, Cumasach chun Oibre agus Dáiríre ag Lorg Obair lánaimseartha

agus

- Gan Ranníocaíochtaí dóthanacha ASPC a bheith aige nó aici chun Sochar Cuardaitheora Poist a fháil
- Tástáil Maoine a shásamh
- An Riail maidir le Gnáthchónaí a shásamh

### *Tástáil Maoine an LCP*
Cinnteoidh an acmhainn ioncaim atá ag duine a t(h)eidlíocht d'íocaíocht LCP mar aon le leibhéal aon íocaíochta dá leithéid. Cuirfear agallamh ar an éilitheoir LCP maidir leis an acmhainn atá acu. Ba cheart dóibh taifead a choinneáil maidir le ráitis nó cuntas bainc más féidir mar go bhféadfadh siad seo a bheith ag teastáil.

Cuirtear na ceithre acmhainn ioncaim féideartha seo a leanas san áireamh sa Tástáil Maoine:

- Ioncam i bhfoirm Airgid
- Réadmhaoin (seachas teach cónaithe an duine féin)
- Caipiteal
- Tairbhe agus Pribhléid (tagraíonn sé seo don tairbhe a fhaigheann duine atá dífhostaithe ó bheith ina c(h)ónaí i dteach cónaithe a t(h)uismitheoirí.

### *An chaoi a ndéantar measúnú ar acmhainn duine dífhostaithe*

Nuair atá measúnú á dhéanamh ar acmhainn duine dífhostaithe, ríomhtar a n-ioncaim i bhfoirm airgid, coigilteas, infheistíochtaí nó aon réadmhaoin, ach amháin a dteach cónaithe féin, ag baint úsáide as an bhfoirmle seo;

| Caipiteal | Acmhainn Seachtainiúil |
|---|---|
| Suas le €20,000 | €0 |
| €20,000 – €30,000 | €1 in aghaidh an €1,000 |
| €30,000 – €40,000 | €2 in aghaidh an €1,000 |
| Os cionn €40,000 | €4 in aghaidh an €1,000 |

| Sampla | |
|---|---|
| Tá coigilteas a bhfuil luach €40,000 air ag duine ar dífhostaíodh é le gaird | |
| Coigilteas | €40,000 |
| Coigilteas Inmheasúnaithe | |
| Luach an chéad €20,000 | €0 |
| €20,000-€30,000 (10 x €1) | €10 |
| €30,000-€40,000 (10 x €2) | €20 |
| Luach Iomlán Seachtainiúil coigiltis | €30 |
| Bainfear €30 ó íocaíocht sheachtainiúil an duine | |

### *Obair Pháirtaimseartha agus LCP*

Tá duine i dteideal éileamh a dhéanamh ar íocaíocht LCP agus a bheith ag obair ar feadh suas le trí lá in aghaidh na seachtaine. Caillfidh siad cuid dá n-íocaíocht LCP do na laethanta ar oibrigh siad. Ní mór don duine leanúint ar aghaidh ag cruthú go bhfuil siad ar fáil d'obair agus dáiríre ag lorg oibre lánaimseartha do na laethanta a bhfuil siad dífhostaithe.

Sa chás go n-éilíonn duine íocaíocht LCP agus go n-oibríonn sé nó sí ar bhonn páirtaimseartha, ceadófar neamhaird ioncaim de €20 ar gach lá atá oibrithe aige nó aici (suas le trí lá ar a mhéid in aghaidh na seachtaine). Baineann an neamhaird ioncaim seo freisin le Daoine Fásta Cáilithe. Céile nó páirtí é duine fásta cáilithe nach bhfuil i dteideal íocaíochta leasa shóisialaigh ina gceart féin.

Tá na daoine fásta cáilithe atá ina n-éilitheoir LCP in ann a bheith ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha ach d'fhéadfadh a dtuilleamh tionchar a imirt ar ráta LCP a dteaghlaigh.

### *An Riail maidir le Gnáthchónaí*

Beidh teidlíocht ar íocaíocht LCP ag brath ar dhuine a bheith in ann an riail maidir le Gnáthchónaí a shásamh. Go ginearálta, má tá iarrthóir lonnaithe in Éirinn ar feadh 2 bhliain nó níos mó, má oibríonn sé nó sí in Éirinn agus má tá sé ar intinn aige nó aici fanacht in Éirinn agus Éire a bheith mar bhaile buan aige nó aici, comhlíonfaidh sé sin an critéar maidir le gnáthchónaí.

### Íocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach (LLF)

Mura bhfuil duine dífhostaithe i dteideal íocaíocht SCP nó LCP, d'fhéadfadh siad a bheith i dteideal íocaíocht LLF. Cuirtear an íocaíocht seo ar fáil trí Oifigigh Leasa Pobail, atá lonnaithe faoi láthair in ionaid sláinte áitiúla.

### Liúntas Leasa Forlíontach agus Gnáthchósnaí

D'fhéadfadh saoránaigh an AE a bhí ag obair in Éirinn a bheith in ann íocaíocht Liúntas Leasa Forlíontach a éileamh, mar aon le Forlíonadh Cíosa agus íocaíochta eile LLF más rud é go raibh siad:

- Fostaithe in Éirinn
- Dífhostaithe *agus*
- Comhlíonann siad na coinníollacha cáilíochta ábhartha eile do LLF

### *Teidlíochtaí Eile*

D'fhéadfadh teidlíocht a bheith ann d'íocaíochtaí eile a bhaineann le cúinsí teaghhlaigh. D'fhéadfadh íocaíocht do Dhuine Cáilithe a bheith san áireamh anseo mar aon le híocaíocht do leanaí níos óige ná 18, nó 22 má tá siad i mbun oideachais lánaimseartha (íocaíocht do Leanbh Cáilithe).

D'fhéadfadh duine a bheith i dteideal tairbhí eile freisin (a thugtar tairbhí tánaisteacha orthu) mar thoradh ar é nó í a bheith ag fáil íocaíocht um Shochar Cuardaitheora Poist nó Liúntas Cuardaitheora Poist. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach Rannán 6 – Tairbhí Tánaisteacha.

## Tuilleadh Eolais

- Chun tuilleadh eolais a fháil i ndáil le haon ghné de Shochar Cuardaitheora Poist nó Liúntas Cuardaitheora Poist, déan teagmháil leis an INOU le do thoil
- Tá tuilleadh eolais le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Gnóthaí Sóisalacha agus Teaghlaigh www.welfare.ie maidir leis na treoirlínte a bhaineann le Gnáthchónaí
- Tá tuilleadh sonraí maidir leis na treoirlínte a chuireann an Roinn i bhfeidm i ndáil le LCP agus SCP le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne freisin
- Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Íocaíochta & Seirbhísí Eolais de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar an teileafón ag: (01) 704 3000

# 4. Rátaí Íocaíochta

| Rátaí Uasíocaíochta 2008 do Shochar Cuardaitheora Poist agus do Liúntas Cuardaitheora Poist | |
|---|---|
| Ráta Pearsanta | €197.80 |
| Ráta do Dhuine Fásta Cáilithe | €131.30 |
| Ráta do Gach Leanbh atá Cáilithe | €24.00 |
| Ráta do Gach Leath-Leanbh Cáilithe | €12.00 |

| Rátaí do Shochar Cuardaitheora Poist 2008 | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Meán-Tuilleamh Seachtainúil** | **Ráta Pearsanta do Dhuine Fásta** | **Ráta do Dhuine Fásta Cáilithe** | **Ráta do Leanbh Cáilithe** | **Ráta do Leath-Leanbh Cáilithe** |
| Níos lú ná €80 | €88.90 | €85.10 | €24.00 | €12.00 |
| €80 - €124.99 | €127.80 | €85.10 | €24.00 | €12.00 |
| €125 - €149.99 | €155.00 | €85.10 | €24.00 | €12.00 |
| Os cionn €150 | €197.80 | €131.30 | €24.00 | €12.00 |

Is ranníocaíochtaí ÁSPC árachais shóisialta creidmheasanna a chuideoidh teidlíochtaí árachais shóisialta (.i. pinsin le linn tréimhsí nuair nach bhfuil siad in ann ranníocaíochtaí íoctha a dhéanamh (.i. le linn dífhostaíochta) dhaoine a chosaint.

### *ÁSPC Aicme A*

Má bhí duine ag obair agus ag íoc ÁSPC, beidh ÁSPC Aicme A íoctha acu mura mbaineann siad seo a leanas leo:

- Féinfhostaithe,
- Fostaithe ag an Stát roimh 6 Aibreán 1995 nó,
- Ag saothrú níos lú ná €38.00 comhlán sa tseachtain

Soláthraíonn ÁSPC Aicme A teidlíocht do Shochar Cuardaitheora Poist agus d'íocaíochtaí árachais shóisialta eile cosúil le Sochar Breoiteachta.

I measc na sochar a d'fhéadfadh teidlíocht a bheith ag daoine a íocann ÁSPC Aicme A orthu tá:

- Sochar Cuardaitheora Poist
- Sochar Breoiteachta
- Sochar Máithreachais
- Sochar Uchtaíoch
- Sochar Sláinte agus Sábháilteachta
- Pinsean Easláine
- Pinsean Baintrí (Ranníocach)
- Íocaíocht Chaomhnóra (Ranníocach)
- Pinsean Stáit (Ranníocach) — Pinsean Seanaoise mar a bhíodh
- Pinsean Stáit (Aistriú) — Pinsean Scoir mar a bhíodh
- Deontas Méala
- Sochar Cóireála
- Sochar Díobhálacha Ceirde
- Sochar Cúramóra

Is sochair iad sochair thánaisteacha a d'fhéadfadh daoine bheith ina dteideal mar thoradh ar íocaíocht dífhostaíochta a fháil.

Má tá duine ag fáil SCP nó LCP, b'fhéidir go mbeidís ina dteideal iad seo a leanas:

- Óna bhFeidhmeannas Seirbhísí Sláinte áitiúil:
  - **Forlíonadh Cíosa/Ús Morgáiste**
  - **Cárta Leighis**
  - **Cárta Cuairte Dochtúra Teaghlaigh**
  - **Liúntas Éadaí agus Coisbhirt don Scoilbhliain Nua**
  - **Forlíonadh Aiste Bia**

- Óna nOifig Leasa Shóisialaigh áitiúil:
  - **Bónas na Nollaig***
  - **Liúntas Breosla***
  - **Liúntas Breosla gan Toit****

- Óna nÚdarás Áitiúil:
  - **Cíos Difreálach**
  - **Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)*****

*** Bónas Nollag / Liúntas Breosla** – Tá an Bónas Nollag agus an Liúntas Breosla araon iníoctha le duine atá ag fáil Liúntas Cuardaitheora Poist ar feadh níos mó ná 390 lá ach níl siad iníoctha le duine atá ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist.

**** Liúntas Breosla gan Toit** – Tá an **Liúntas Breosla gan Toit** iníoctha le daoine a chónaíonn i gceantair gan toit nó ar bhreosla íseal agus atá ag fáil Sochar Cuardaitheora Poist nó Liúntas Cuardaitheora Poist ar feadh níos mó ná 13 seachtain.

***** Scéim um Chóiríocht ar Cíos (RAS)** – Is do dhaoine atá ag fáil liúntas cíosa ar feadh breis is 13 mí agus a dteastaíonn tithíocht fhadtéarmach uathu an Scéim um Chóiríocht ar Cíos. Is iad na hÚdaráis Áitiúla a reáchtálann an scéim.